# Corcaíoch sa nuacht

## Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi na gradaim *Oscar*. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| aisteoir<br>scannán … | *nominations*<br>*were announced …* |

1. Cén t-aisteoir cáiliúil atá sna scannáin seo agus cad atá ar eolas agat faoi?

   *Breakfast on Pluto*, *The Wind that Shakes the Barley*, *Filleann an Feall*, *Oppenheimer*.

2. An bhfaca tú aon cheann de na scannáin sin?
3. An bhfaca tú an tsraith theilifíse *Peaky Blinders*? Cad a cheapann tú fúithi?
4. Cén fáth a bhfuil na scannáin seo a leanas i mbéal an phobail faoi láthair? An bhfaca tú iad?

   *Oppenheimer*, *Poor Things*, *Barbie*.

5. Cad atá i gceist leis na gradaim *Oscar*, *Golden Globe* agus *Bafta*?

## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. fógraíodh | *a. production company* |
| 2. ainmniúchán | *b. achievement* |
| 3. comhlacht léiriúcháin | *c. past pupil* |
| 4. stiúir | *d. podcast* |
| 5. iarscoláire | *e. many* |
| 6. clú agus cáil | *f. was/were announced* |
| 7. (a bheith) ar bís | *g. direct* |
| 8. gaisce, éacht | *h. fame* |
| 9. is iomaí | *i. (to be) excited* |
| 10. podchraoladh | *j. nomination* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Ainmníodh Peter O'Mahony, _____ eile ó Choláiste na Toirbhirte, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.
- Rinne Cillian Murphy _____ le scoláirí ón séú bliain nuair a thug sé cuairt ar a iar-mheánscoil le déanaí.
- Is _____ Éireannach é *Element Pictures*, a léirigh an scannán *Poor Things*.
- _____ Christopher Nolan an scannán *Oppenheimer*.
- _____ _____ atá bainte amach ag Cillian Murphy.
- Bhuaigh Cillian Murphy gradam *Golden Globe* i mbliana agus ba mhór an _____ é.
- Tá _____ ar Chillian Murphy mar gheall ar a ról in *Peaky Blinders*.
- Tá gach duine _____ roimh thorthaí ghradaim Oscar.
- _____ na hainmniúcháin Oscar agus tá _____ faighte ag Cillian Murphy.

3. Cén Ghaeilge atá ar *short film*? _____

4. An bhfuil bealach eile agatsa chun 'mar gheall ar' a rá? _____

## C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| 1. Cad a tharla in Los Angeles le déanaí? |
| |
| 2. Lá mór a bhí ann do Chillian Murphy. Cén fáth? |
| |
| 3. Cé mhéad ainmniúchán atá faighte ag na scannáin *Oppenheimer* agus *Poor Things*? |
| |
| 4. Cad é *Element Pictures* agus cén fáth ar luadh é? |
| |
| 5. Cén áit a ndeachaigh Cillian Murphy ar scoil? Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar an scoil sin? |
| |
| 6. Cén fáth ar luadh Peter O'Mahony sa mhír? |
| |
| 7. Cad a deirtear faoin ngearrscannán *Filleann an Feall* sa mhír? |
| |
| 8. Cad a rinne Cillian nuair a d'fhill sé ar a iarscoil le déanaí? |
| |
| 9. Cé mhéad ainmniúchán a fuair an scannán *Barbie*? |
| |



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (dul siar ar na bunuimhreacha)

Scríobh amach na huimhreacha thíos i bhfocail agus i nGaeilge:

| | |
|---|---|
| **13 nominations** | 11 nominations |
| | |
| **8 nominations** | 2 plays |
| | |
| **12 plays** | 10 plays |
| | |
| **5 films** | 16 programmes |
| | |

## 2: Cruinneas gramadaí (breischéim agus sárchéim na haidiachta)

a) Líon na bearnaí sna samplaí thíos ón mír, leis an bhfoirm chuí de na haidiachtaí.

| | |
|---|---|
| (luath) | níos _____ |
| (maith) | is _____ |

b) Cad faoi na cinn choitianta seo thíos anois? Líon na bearnaí.

| | | |
|---|---|---|
| (olc) | níos _____ | is _____ |
| (óg) | níos _____ | is _____ |
| (sean) | níos _____ | is _____ |
| (mall) | níos _____ | is _____ |
| (daor) | níos _____ | is _____ |
| (saor) | níos _____ | is _____ |
| (deacair) | níos _____ | is _____ |
| (éasca) | níos _____ | is _____ |

c) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cumaigí cúig abairt an duine ag úsáid na n-aidiachtaí thuas. Mar shampla:

*Níor thaitin an scannán Oppenheimer liom ach shíl mé go raibh Barbie níos measa.*

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna thíos ar a chéile:

1. Cén scannán is fearr leat?
   *Is é _____ an scannán is fearr liom.*

2. Cé hé/hí an príomhaisteoir sa scannán?
   *Is é .... / Is í ...*

3. Cé hé/hí stiúrthóir an scannáin?
   *Is é .... / Is í ...*

4. Cathain a eisíodh an scannán?
   *Eisíodh ....*

5. Cad é téama an scannáin?
   *Is é téama an scannáin ná ...*

6. Cén fáth a dtaitníonn an scannán leat?
   *Taitníonn sé liom mar ... / Is breá liom ... / Tá spéis agam i ...*

## 2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an scannán is fearr leat. Tabhair an oiread eolais agus is féidir leat faoin scannán agus faoin gcúis a dtaitníonn an scannán leat. Cuir tús leis mar seo: *Is é X an scannán is fearr liom....*

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Fógraíodh na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles níos luaithe inniu. Lá mór a bhí ann do na hÉireannaigh, mar go bhfuil Cillian Murphy ainmnithe do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ar fad fachta[1] ag an scannán *Oppenheimer* agus aon ainmniúchán déag faighte ag an scannán *Poor Things,* a léirigh an comhlacht léiriúcháin in Éirinn, *Element Pictures*.

**Máire Ní Bhraonáin**
Lá suntasach a bhí ann do na hÉireannaigh inniu, nuair a fógraíodh na hainmniúcháin Oscar in Los Angeles, le Cillian Murphy ainmnithe do ghradam Oscar don aisteoir is fearr dá ról sa scannán *Oppenheimer*. Tá trí ainmniúchán déag ina iomláine faighte ag an scannán a stiúir Christopher Nolan. Bhuaigh an t-aisteoir as Corcaigh *Golden Globe* le deireanaí agus ainmníodh é do ghradam *Bafta* chomh maith. Lá mór do Choláiste na Toirbhirte, Corcaigh agus iarscoláire ainmnithe do ghradam Oscar. Ainmníodh iarscoláire eile le deireanaí, Peter O'Mahony, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.

**Mícheál Mac Eoin, Múinteoir i gColáiste na Toirbhirte, Corcaigh**
Gan dabht, tá sé an-speisialta ar fad do phobal na scoile seo. Is dócha go bhfuil clú agus cáil ar an scoil maidir le cúrsaí spóirt agus na torthaí agus a leithéid, ach tá an drámaíocht fíorlárnach chomh maith. Bhí an scoil ar fad ar bís, is dócha, cúpla seachtain ó shin. Bhí an-bhród ar gach uile dhuine nuair a chuala siad mar gheall ar an ngaisce sin agus *the Golden Globe,* mar a déarfá. Ach, is dócha, an chéad chéim eile ná na *hOscars* anois.

**Máire Ní Bhraonáin**
Is iomaí éacht atá bainte amach ag Cillian, ó ghlac sé páirt sa ghearrscannán *Filleann an Feall* do TG4 sa bhliain 2000. Filleann Cillian ar a sheanscoil chomh maith.

**Mícheál Mac Eoin, Múinteoir i gColáiste na Toirbhirte, Corcaigh**
Nuair a bhí Cillian ina scoláire anseo, do ghlac sé páirt lárnach sna drámaí ar fad. Agus fiú amháin le déanaí, do tháinig sé thar n-ais chun labhairt leis an séú bliain agus do rinne sé podchraoladh chomh maith. *So*, ní dhearna sé dearúd[2] ar an scoil seo in aon chor.

**Máire Ní Bhraonáin**
Bhí an scannán *Poor Things* ón gcomhlacht léiriúcháin Éireannach, *Element Pictures*, i measc na scannán atá ainmnithe sa chatagóir don scannán is fearr agus aon ainmniúchán déag faighte aige. Fuair an scannán *Barbie* ocht n-ainmniúchán. Fógrófar na gradaim in Los Angeles ar an deichiú Márta.

Máire Ní Bhraonáin, Nuacht TG4

[1] fachta = leagan canúnach de 'faighte'
[2] dearúd = leagan canúnach de 'dearmad'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó, ach:

- Is é Cillian Murphy atá sna scannáin seo: *Breakfast on Pluto*, *The Wind that Shakes the Barley*, *Filleann an Feall*, *Oppenheimer*.
- Is comórtais Mheiriceánacha iad na gradaim Oscar agus *the Golden Globes* ach tugann *the Golden Globes* gradaim do chláir theilifíse chomh maith le scannáin. Is comórtas sa Ríocht Aontaithe é *Bafta* a thugann gradaim do chláir theilifíse agus do scannáin.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| fógraíodh | *was/were announced* |
| ainmniúchán | *nomination* |
| comhlacht léiriúcháin | *production company* |
| stiúir | *direct* |
| iarscoláire | *past pupil* |
| clú agus cáil | *fame* |
| (a bheith) ar bís | *(to be) excited* |
| gaisce, éacht | *achievement* |
| is iomaí | *many* |
| podchraoladh | *podcast* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | j | a | g | c | h | i | b | e | d |

2. Féach:
   - Ainmníodh Peter O'Mahony, **iarscoláire** eile ó Choláiste na Toirbhirte, mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.
   - Rinne Cillian Murphy **podchraoladh** le scoláirí ón séú bliain nuair a thug sé cuairt ar a iar-mheánscoil le déanaí.
   - Is **comhlacht léiriúcháin** Éireannach é *Element Pictures*, a léirigh an scannán *Poor Things*.
   - **Stiúir** Christopher Nolan an scannán *Oppenheimer*.
   - **Is iomaí éacht** atá bainte amach ag Cillian Murphy.
   - Bhuaigh Cillian Murphy gradam *Golden Globe* i mbliana agus ba mhór an **gaisce** é.

- Tá **clú agus cáil** ar Chillian Murphy mar gheall ar a ról in *Peaky Blinders*.
- Tá gach duine **ar bís** roimh thorthaí ghradaim Oscar.
- **Fógraíodh** na hainmniúcháin Oscar agus tá **ainmniúchán** faighte ag Cillian Murphy.

5. Gearrscannán.
6. Faoi, i leith, i dtaobh, fá dtaobh de.

## C: TUISCINT
Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA
### 1: Cruinneas gramadaí (dul siar ar na bunuimhreacha)
Féach:

| | |
|---|---|
| **13 nominations** | 11 nominations |
| **Trí ainmniúchán déag** | **Aon ainmniúchán déag** |
| **8 nominations** | 2 plays |
| **Ocht n-ainmniúchán** | **Dhá dhráma** |
| **12 plays** | 10 plays |
| **Dhá dhráma dhéag** | **Deich ndráma** |
| **5 films** | 16 programmes |
| **Cúig scannán** | **Sé chlár déag** |

### 2: Cruinneas gramadaí (breischéim agus sárchéim na haidiachta)
a) Féach:

| | |
|---|---|
| (luath) | níos luaithe |
| (maith) | is fearr |

b) Féach:

| | | |
|---|---|---|
| (olc) | níos measa | is measa |
| (óg) | níos óige | is óige |
| (sean) | níos sine | is sine |
| (mall) | níos moille | is moille |
| (daor) | níos daoire | is daoire |
| (saor) | níos saoire | is saoire |
| (deacair) | níos deacra | is deacra |
| (éasca) | níos éasca | is éasca |

c) Mar shampla:
*Níor thaitin an scannán Oppenheimer liom ach shíl mé go raibh Barbie níos measa.*
*Tá caife dubh níos saoire ná latte.*
*Is mise an duine is óige. Tá deartháir amháin níos sine ná mé.*

## E: CUMARSÁID
### 1: Caint
Iarr orthu plé a dhéanamh ar na ceisteanna ina mbeirteanna sula bpléifidh tusa na pointí leo.

### 2: Scríobh
Iarr orthu ansin píosa a scríobh faoin scannán is fearr leo.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?
Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

*Curtha ar fáil ag*

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

*le tacaíocht ó*

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4